C/2024/6588

25.10.2024

Fógra le haghaidh daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala

(C/2024/6588)

Dírítear aird Rafael Ramón BLANCO MARRERO (Uimh. 20), Elvis Eduardo HIDROBO AMOROSO (Uimh. 29), Remigio CEBALLOS ICHASO (Uimh. 37) agus Jesús Emilio VÁSQUEZ QUINTERO (Uimh. 52), na daoine a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Tá sé beartaithe ag an gComhairle ainmniú na ndaoine thuasluaite a choimeád, srianta taistil san áireamh, agus leasú déanta ar na ráitis ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl leis seo do na daoine sin go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle an ráiteas ar chúiseanna atá beartaithe maidir lena n-ainmniú a choinneáil a fháil, roimh **4 Samhain 2024**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË/AN BHEILG
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

(1) IO L 295, 14.11.2017, lch. 60
(2) IO L 295, 14.11.2017, lch. 21